

SIÚLÓID NA nIONTAS BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE



FARDAL NÁISIÚNTA
na hOIDHREACHTA AILTIREACHTA

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

TREOIR

DÉAN 'SIÚLÓID NA nIONTAS' TRÍD BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE:

- Téigh ag spaisteoireacht ar fud an cheantair, tabhair faoi deara leideanna don tsúil i mbun do chuid siúil, agus cíor scéal an bhaile de réir mar is léir ón bhflúirse gnéithe ailtireachta san áit.
- Caith deich nóiméad ag aimsiú ghnéithe éagsúla na tóraíochta taisce ailtireachta, nó déan go réidh agus bain sásamh as turas treoraithe faoi do stiúir féin ar fud Bhéal Átha na Sluaighe.
- Súile feannta, breathnaigh in airde, scrúdaigh in íochtar agus seachas aon ní eile, DÉAN IONTAS!



Is féidir SLITE SIÚLÓIDE eile a íoslódáil saor in aisce




buildingsofireland.ie

Lean linn

TÓRAÍOCHT TAISCE

CÉ MHÉAD DE NA CINEÁLACHA
FUINNEOIGE SEO IS FÉIDIR LEAT A
FHEICEÁIL AR AN bPRÍOMHSHRÁID?



SCÉAL BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

Téann tús scéal Bhéal Átha na Sluaighe, atá suite ar phointe trasnaithe ársa ar an tSuca, siar go dtí an 12ú haois, nuair a deirtear gur thóg Toirrdelbach Ua Conchobair (Turlough O'Conor), Rí Chonnacht, caisleán. Faoin 18ú haois, bhí sé ina bhaile margaidh rathúil, ina raibh sráideanna fairsinge agus foirgnimh shibhialta aolchloiche áitiúla, a leag muintir Trench amach, arbh iad Iarlaí Clancarty ina dhiaidh sin iad.

Mar gheall ar an aonach bliantúil, a bhí ar cheann de na haontaí ba shine agus ba mhó san Eoraip, rinneadh lárionad le haghaidh trádáil beostoic agus feabhsú talmhaíochta de Bhéal Átha na Sluaighe. Lean an baile de bheith ag fás de bharr theacht na Canálach Móire in 1828, rud a d'fheabhsaigh naisc thrádála idir Baile Átha Cliath agus an t-iarthar. Neartaíodh forbairt tuilleadh nuair a d'oscail lamróid Mór Lár na Tire agus an Iarthair stáisiún sa bhaile in 1851.

Tá gluaiseacht, bailiú agus malartú ag dul i bhfeidhm fós ar Bhéal Átha

na Sluaighe, agus tá an am atá le teacht tábhachtach den bhaile, agus oidhreacht ailtireachta shaibhir á caomhnú aici ag an am céanna.

Mar aitheantas ar charachtar ar leith Bhéal Átha na Sluaighe, tá Limistéar Caomhantais Ailtireachta ainmnithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. In éineacht le hiarrachtaí díograiseacha an phobail áitiúil, cabhraíonn an t-ainmniú seo le stair shóisialta ar leith agus neart seod ailtireachta dá cuid a bhainistiú agus a fheabhsú. Táthar ag súil go mbeidh meas fós ag na glúnta atá le teacht ar an mbaile ar a bhfuil an-ghrá dó, go gcaomhnóidh siad é agus go mbainfidh siad sult as.

Ar mhaith leat níos mó a fhoghlaim faoi Limistéar Caomhantais Ailtireachta Bhéal Átha na Sluaighe agus faoi Limistéir Caomhantais Ailtireachta eile sa chontae? Déan teagmháil le hOifigeach Caomhantais Ailtireachta Chomhairle Contae na Gaillimhe.



Táthar an-bhuíoch de mhuintir na háite as an gcúnamh maidir leis an mbealach siúlóide a leagan

CUIR TIC LEIS NA BOSCAÍ DE RÉIR MAR A FHEICTEAR AN nIONTAS DUIT

1. LEABHARLANN BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

Sna 1850idí, cheannaigh Siúracha na Trócaire an tsraith títhe seo le haghaidh clochair. Cuireadh an séipéal léi in 1864 de réir dearáil le James Kempster, a bhí ina Shuirbhéir Contae agus a d'imir tionchar ar chuid mhaith d'ailtireacht phoiblí Bhéal Átha na Sluaighe. Mar gheall ar an meas a bhí air, nuair a fuair Kempster bás in 1893, dúndadh siopaí ar fud an bhaile ina onóir.

Buail isteach chun síleáil phéinteáilte an iarshéipéil a fheiceáil, ar thángthas uirthi arís le linn aistriú an fhoirgnimh lena úsáid mar an leabharlann phoiblí.

2. TOWN HALL THEATRE

Tógadh mar Halla Talmhaíochta Bhéal Átha na Sluaighe é agus bhí Cumann Talmhaíochta Aontas Bhéal Átha na Sluaighe suite ann, comhlacht a bhí tiomnaithe d'fheirmeoireacht a fheabhsú trí fheabhsúcháin theicniúla agus trí chleachtadh. Faoi thús an 20ú haois, cuireadh léirithe ilsiamsa agus pictiúir ghluaise ar stáitse anseo. Tar éis tréimhse lena linn a tháinig meath air, sábháladh an halla trí thionsú airgid áitiúil nuair a osclaíodh é arís mar amharclann ag deireadh na 1980idí.

Níos faide ar aghaidh tá an Iar-eaglais Phreispitéireach, a bhí ina hionad adhartha don phobal Protastúnach a bhí beag ach suntasach le linn lár an 19ú haois.

3. UIMH. 29, SRÁID AN CHUMAINN

An foirgneamh coirnéil seo, ag a bhfuil stoc simléir feiceálach agus binn chrománach, ba é Martha's Chip Shop, institiúid de chuid Bhéal Átha na Sluaighe a raibh grá mór ag daoine di. Bhí Martha ina cónaí ar Chnoc an Teampaill agus ba mhinic a chonacthas í agus í ag iompar buicéad ina raibh prátaí a raibh an craiceann bainte díobh de láimh síos go dtí an siopa.

Bhí Central Cinema san fhoirgneamh ar an taobh eile, ag a bhfuil éadan brice dheirg ar leith agus fuinneog stuach mhór. Bhí cead ag custaiméirí sceallóga a thabhairt leo, a freastalaíodh orthu ó shiopa Martha, isteach go dtí an taispeánta!

4. EAGLAIS EOIN, EAGLAIS NA hÉIREANN

Tá Eaglais Eoin ar láithreán ardaithe a mheastar a bheith ina mhóta meánaoiseach. Tógadh ar dtús sna 1840idí í agus rinne dóiteán damáiste di in 1899. Bhronn Iarla Clancarty an clog atá ina túr ar mhuintir Bhéal Átha na Sluaighe in 1901. An raibh a fhios agat go raibh am na Gaillimhe 11 nóiméad i ndiaidh am Bhaile Átha Cliath de ghnáth go dtí gur tugadh isteach caighdeánú in 1916?

Dar leis an bpobal áitiúil bhí sé ar intinn ar dtús an oibilisc, atá ar thailte Chúirt Gharbhaile in aice láimhe, a úsáid mar spuaice le haghaidh Eaglais Eoin.

5. LÁNA MHC ÍOMHAIR

Bhí Béal Átha na Sluaighe ina mhol i líonra náisiúnta na gcóistí scitheanna capaill a d'oibrigh an fiontraí Iodálach, Charles Bianconi, sa 19ú haois.



Úsáideadh stáblaí ag deireadh an lána seo chun sos a thabhairt do chapail thuirseacha. Tabhair faoi deara airde fhairsing na háirse chun rochtain a thabhairt do na cóistí scitheanna!

6. IAROIFIG POIST

Cruthaíodh cuma aghaidhe siméadrail ar an bhfoirgneamh seo ó dheireadh an 19ú haois le cuid lena réadmhaoin in aice láimhe. Ní minic a úsáidtear bríci i mBéal Átha na Sluaighe, baile inar tógadh formhór na bhfoirgneamh le rindreáil thraidisiúnta agus le haolchloch áitiúil.

De réir mar a théann tú feadh na Príomhshráide, rachaidh tú thar sraith aghaidheanna siopa ón 19ú haois, agus ina measc sin bhí áitreabh Rory Kilduff nach maireann, fear arbh é an déantóir diallaite agus úma traidisiúnta deiridh sa bhaile.

7. BANC NA hÉIREANN

Deirtear gur thóg Iarla Clancarty an t-iartheach cathrach seo. Ar thug tú faoi deara an stoc simléir ollmhór? Dearadh é chun freastal ar roinnt tinteán. Cuireadh halla baincáireachta saintógtha leis an gcúl ag tús an 20ú haois nuair a athchóiríodh an foirgneamh mar bhanc.

8. SUPERMAC'S

Seo áit dúchais Supermac's! In 1978, d'oscail Pat McDonagh as Béal Átha na Sluaighe ó dhúchas a chead bhialann anseo, agus ba é sin tús a thuras, é ina rogha mór áitiúil ar dtús agus ansin, a raibh rath náisiúnta leis.



Tá Supermac's ar bhunúrlár an fhoirgnimh ón 19ú haois ag a bhfuil fuinneoga sainiúla ar na hurláir uachtaracha. Coinnigh súil ar an bPríomhshráid le haghaidh an iliomad cineálacha fuinneoige inár dTóraíocht Taisce.

9. LÁNA MHC HOB

Ainmníodh an lána seo as James Hopson, gréasail sa 19ú haois a raibh a cheardlann anseo uair amháin. Tá áirse iarainn bhuaite mhaisiúil le feiceáil ag an mbealach isteach go dtí an lána, a bhí mar thaca faoi lóchrann roimhe seo.



Tugadh soilsíú gáis isteach sa bhaile i lár an 19ú haois tar éis bhunú Oibreacha Gáis Bhéal Átha na Sluaighe in 1842.

10. GEARNÓG NAOMH MÍCHEÁL

Meastar gurb í crollár stairiúil an bhaile atá anseo, agus tá an dealbh de chapall ar láithreán an tSeantí Margaidh. Tráth dá raibh bhí sí ina crollár le haghaidh trádála agus trádála agus reáchtáladh margadh prátaí agus glasraí fréimhe anseo le linn an 19ú haois. Nuair a theip ar fhómhar na bprátaí le linn na 1840idí d'fhulaing muintir na háite gorta agus cruatan. Mar fhreagairt tógadh ospidéal fiabhrais ar Shráid an Chumainn, ach laistigh de bhlianta taifeadadh líon suntasach básanna i measc daonra ar thráigh a neart cheana le míchothú agus le galar.

Tugtar an 'balla leisciúil' ar bhalla íseal ag aomhail Chearnóg Naomh Mícheál agus na Príomhshráide. Áit ar bhailigh muintir na háite le chéile go traidisiúnta chun a bheith ina súi, bualadh le chéile agus a bheith ag féachaint uathu ar an saol mór.

11. EAGLAIS NAOMH MÍCHEÁL

Deirtear go bhfuil Eaglais Naomh Mícheál ar láithreán caisleán mheánaoisigh. Téann an eaglais atá ann faoi láthair, a cuireadh in áit séipéal ní ba shine, siar go dtí lár an 19ú haois agus tógadh é de réir dearáil leis an ailtire Éireannach J. J. McCarthy.

Bhí moill ar thógáil de bharr an Ghorta Mhoir agus athbhreithníodh é níos déanaí le hionchur ó A. W. N. Pugin, ar fearr aithne air as a obair ar Phálás Westminster i Londain.

Tá fuinneoga gloine daite taobh istigh a rinne príomhealaíontóirí Éireannacha, Harry Clarke ina measc. Rinne Frederick Settle Barff an fhuinneog os cionn na haltóra, fear a bhfuil clú air mar cheannródaí phróiseas Bower-Barff chun iarann a mheirghionadh!

12. COIRNÉAL FINNEGAN

Tugtar Coirnéal Finnegan ar an aomhail idir Sráid Dhún Leo agus Sráid an Chumainn le fada, as siopa éadaitheoireachta Finnegan, a bhí anseo go dtí gur tógadh an banc atá ann faoi láthair sna 1920idí. Bhí polasaí ag siopa Finnegan, ar ar tugadh 'an Teach Éireannach' freisin, nach ndíolfaí éadaí ach iad siúd a rinneadh in Éirinn. Bhí an-tóir ag muintir na háite ar an gosán anseo chun féachaint ar dhaoine ag teacht agus ag imeacht ón mbaile agus d'éirigh an nath cainte, 'Ag tabhairt taca don bhalla ag Coirnéal Finnegan', ina shofhriotal ar chrochadh thart!

De réir mar a leanann tú feadh Shráid Dhún Leo, bí ag faire amach d'iartheach an tsagairt ar thaobh do lámhe clé, agus gar don deireadh, ar dheis, don aghaidh aolchloiche iontach ar Stáisiún na nGardaí a tógadh mar dhá theach sraithe ar dtús.

13. COIRNÉAL DOOLEY

Bhí clú ar an gcoirnéal seo as teach tábhairne agus siopa grósaera Dooley, áit a bhí briomhar le laethanta aonaigh uair amháin den saol. Le linn an 19ú haois agus ag tús an 20ú haois, bhí siopaí mar chuid de go leor títhe tábhairne. Ba shiopa cruu-earraí nó grósaera iad sin de ghnáth, amhail an ceann anseo, ach uaireanta fiú bhí adhlacóir iontu!

Ar an mbealach go dtí an chéad stad eile, rachaidh tú thar Iarscoil a bhí Saor in Aisce do bhuaichail, ag a bhfuil aghaidh aolchloiche agus dorais stuacha. Bhí scoil ar leithligh do chailíní laistigh d'achar gearr ar Bhreacamach.

14. SÉADCHOMHARTHA CHARLES LE POER TRENCH

Leis an séadchomhartha seo déantar an tArdeaspag Charles Le Poer Trench a chomóradh, mac de chuid chéad Iarla Clancarty. I measc mhuintir na háite, tá sé amuigh ar an séadchomhartha, a dhear George Papworth in 1840, go bhfuil conablaigh ghadhair seilge an Tiarna Clancarty ann cé go meastar go forleathan anois gur scéal gan bhunús é sin.

Bí ag faire amach do dhá theach geata atá siar ó Bháthar UI Earcha. Bhí siad sin ar an dá thaobh de bhealach isteach i gCúirt Gharbhaile sa 19ú haois agus bhí siad suite chun a bheith mar fhráma ar radhairc trasna Fhaiche an Aonaigh go hEaglais Naomh Eoin. Ba theach

Iarlaí Clancarty Cúirt Gharbhaile roimhe seo, agus ina dhiaidh sin athchóiríodh é mar scoil in 1921.

15. FAICHE AN AONAIGH

Áit le haghaidh bailithe, spórt agus móthaibhisithe is ea Faiche an Aonaigh le fada ar lár. Is fearr clú uirthi as an aonach capall bliantúil nuair a dhéantar margai le croitheadh láimhe agus le malartú 'corráistí'. Tugadh corónú Rí an Aonaigh isteach in 1948, rud a chuir searmanas agus ceiliúradh leis - traidisiún a ndeirtear gur spreag sé Rós Thrá Lí.

Sna míonna roimh bhunú CLG in 1884, éiríodh as cluiche iomána a reáchtáladh anseo de bharr léirmhíneithe difriúla ar na rialacha, rud a léirigh an gá leis an gcaighdeánú a chuairt i bhfeidhm ar an gluiche nuaimseartha ina dhiaidh sin.

16. EMERALD BALLROOM

Le blianta fada bhí sé seo ar cheann de na hionaid ba ghalánta i mBéal Átha na Sluaighe, áit ar tháinig bláth ar ghrá go minic i measc mhuintir na háite faoi shúil aireach an tsagairt paróiste. Ag buaicphointe ré na seó-bhanai tháinig mionchomharthaí a bhí ar camchuairt go dtí an báiseomra, lena n-áirítear ainmneacha mór le rá amhail an Miami Showband agus Chubby Checker. Cén fáth nach mbeifeá ag damhsa 'twist' nó 'hucklebuck' roimh duit fágáil!



BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

LIMISTÉAR CAOMHANTAIS AILTIREACHTA

SLÍ SIÚLÓIDE

BALLINASLOE

SIÚIL AN tSLÍ LEIS NA LEIDEANNA DON tSÚIL NÓ
STOP ANSEO AGUS ANSIÚD AG DÉANAMH IONTAIS...



SRÁID AN CHUMAINN
SOCIETY STREET

Cad é an bunús le sráidainmneacha?
Tugadh 'Ró Saighdiúirí' ar an tsráid roimhe seo mar gheall ar an mbeairic a bhí ag an deireadh thiar, ach athainmníodh í mar 'Sráid an Chumainn Feirmeoireachta' tar éis thógáil an Halla Talmhaíochta in 1842. Giorraíodh ainm na sráide, ar a raibh Cumann Ríoga Fheabhsú Talmhaíochta na hÉireann, go 'Sráid an Chumainn'.

NODA AN MHAPA

- Limistéar Caomhantais Ailtireachta
- Slí Siúlóide, 2.3km
- 1 Uimhir na Slí
- 1 Uimhir na leideanna don tsúil
- P Páirceáil
- 📍 Radharc scéimhe
- 📖 An Leabharlann

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

FARDAL NÁISIÚNTA
na hOIDHREACHTA AILTIREACHTA

Studio Myco James Grieve Architects